Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11370/25**

**AGRI 332**
**AGRIORG 96**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin<br>– *Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*<br>– *Seisiún tuairimíochta* |

De théisclim don chruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 14 Iúil 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, doiciméad cúlra maidir leis an ábhar thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

Tá comharthaí dearfacha téarnaimh le feiceáil i margaí talmhaíochta an Aontais i dtreo staid chobhsaí. Ar an iomlán, tá leibhéil na bpraghsanna i gcomhréir leis na meáin stairiúla, tá laghdú ag teacht ar phraghsanna ionchuir cé go bhfuil siad fós os cionn na leibhéal a bhí ann roimh COVID, agus tá laghdú tagtha ar bhoilsciú bia cé go bhfuil na praghsanna fós ard.

Pléifear ag an díospóireacht seo na dúshláin éagsúla – agus na leibhéil éagsúla – a bhaineann leis na hearnálacha seo. Is gnéithe lárnacha sa díospóireacht seo iad dálaí drochaimsire, mar shampla triomach, sioc talún nó tuilte, ráigeanna níos minice de ghalair ainmhithe agus plandaí agus teannas i gcaidreamh trádála an Aontais, lena n-áirítear athruithe ar tharaifí na Stát Aontaithe, chomh maith leis an gcomhaontú i bprionsabal ar ar thángthas an 30 Meitheamh idir an Úcráin agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an athbhreithniú ar fhorálacha léirscaoilte trádála faoin gcomhaontú comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin.

I mí na Nollag seo caite, mar fhreagairt ar na deacrachtaí agus na dúshláin atá roimh fheirmeoirí an Aontais le blianta beaga anuas, chuir an Coimisiún togra ar aghaidh chun leasú a dhéanamh ar chuid de na rialacha maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, chun seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a threisiú. An 19 Bealtaine, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir lena seasamh agus tá sí faoi réir chun dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa a luaithe a bheidh an Pharlaimint réidh lena seasamh.

Ar deireadh, baineann na dúshláin in earnáil an fhíona le fadhbanna struchtúracha chomh maith le teagmhais nádúrtha a mbíonn tionchar éagsúil acu ar réigiúin éagsúla uaireanta. I mí na Nollag seo caite, d'eisigh an Grúpa Ardleibhéil um an mBeartas Fíona tacar moltaí darb aidhm oiriúnacht earnáil fíona an Aontais a áirithiú. Chuir an Coimisiún togra i láthair ag deireadh mhí an Mhárta seo caite chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha earnáil an fhíona. An 19 Meitheamh, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir lena seasamh agus tá sí faoi réir anois chun dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa ach a mbeidh vóta sa Pharlaimint ar a seasamh féin.